Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**9555/26**
**COR 1**

**SOC 280**
**GENDER 43**
**ANTIDISCRIM 59**
**JAI 633**
**DROIPEN 95**
**TELECOM 255**
**CYBER 242**
**JEUN 82**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8592/1/26 REV 1 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an gcibearfhoréigean in aghaidh cailíní a chosc agus a chomhrac<br>- *Formheas* |

In 9555/26, léitear mír 33 ar leathanach 22 mar a leanas:

33. **Soláthraithe** seirbhísí ábhartha idirghabhálacha, amhail na hardáin óstála ar líne, cuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí meán sóisialta digiteacha, soláthraithe ardáin físeáin ar éileamh, cuideachtaí teileachumarsáide, agus monaróirí feistí leictreonacha, a spreagadh chun cur chuige maidir le cosaint sonraí mar réamhshocrú agus trí dhearadh agus sábháilteacht trí dhearadh a leanúint chun an mhí-úsáid a chosc agus chun infheistíocht a dhéanamh in uirlisí braite agus díspreagtha, amhail rabhaidh aníos, modhnóireacht éifeachtach ar inneachar agus ábhar díobhálach a bhrath bunaithe ar íomhánna agus coimircí i gcoinne scaipeadh neamhthoiliúil íomhánna dlúthphearsanta, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais.

In 9555/26, léitear míreanna 37 agus 38 ar leathanach 23 mar a leanas:

37. **Soláthraithe** seirbhísí ábhartha idirghabhálacha, amhail na hardáin óstála ar líne agus seirbhísí idirghabhálacha eile, a spreagadh chun rioscaí sistéamacha a bhaineann leis an bhforéigean inscnebhunaithe a shainaithint agus a mhaolú, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as córais moltaí, na córais intleachta saorga giniúnaí agus sásraí uathoibrithe méadaithe ábhair agus chun ábhar díobhálach a chomhrac, agus i gcás inarb iomchuí an t-ábhar sin a bhaint go pras, lena n-áirítear an fhuathchaint ar líne agus ábhar eile atá dírithe ar chailíní, ina measc cailíní ar baill den phobal LADTI iad agus cailíní faoi mhíchumas nó de mhionlaigh chiníocha, eitneacha nó reiligiúnacha, agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha, lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.

38. **Soláthraithe** seirbhísí idirghabhálacha, amhail na hardáin óstála ar líne agus seirbhísí idirghabhálacha eile a spreagadh chun sásraí tuairiscithe íospartach a nascadh le bonneagair theicniúla lena gcumasaítear sásraí blocála trasardáin agus sásraí tacaíochta d’íospartaigh, lena n-áirítear sásraí lena n-áirithítear sásamh agus leigheasanna inrochtana d’íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe arna éascú ag an teicneolaíocht, agus prionsabail ‘sábháilteacht trí dhearadh’ a chur i bhfeidhm i bhforbairt agus in oibriú na seirbhísí digiteacha.